

Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide
de chuid Teagasc 2022 - 2030

Tacú le Feirmeoirí do Ghníomhaíocht ar son na hAeráide




Tá 30 túr Eddy Covariance (EC) á n-úsáid chun floscanna gás ceaptha teasa agus athróga meitéareolaíochta a chainníochtú.



Clár Ábhair


Achoimre.....	4
Trí cholún den Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Teagasc	6
Clár Comhairleach Cuailí Eolais.....	7
Ardán Digiteach Inbhuanaitheachta.....	8
Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia.....	9
Na Bearta Práinneacha.....	10
An Dúshlán Aeráide.....	12
An Treochlár do Thalmhaíocht	14
An Treochlár d'Úsáid Talún.....	15
Tá sé in am Gníomhú/ An Deis.....	16
Tá Feirmeoirí agus Tionscal ag Gníomhú.....	17
An Dea-obair a choinneáil suas	18
Suíomhanna Feirmeacha Taispeána Cuailí.....	20
Comhpháirtithe Cuailí.....	21
Comhoibriú.....	22



Achoimre

Tá méadú 1°C tagtha ar teochtaí domhanda ón aimsir réamhthionsclaíoch. Tá rabhadh á tabhairt ag eolaithe, gan ardú uailmhéine agus gníomhaíochta go sáróidh téimh 2°C faoi dheireadh an chéid, b'fhéidir faoi chorrach suntasach. Tá an cumas ag na hathruithe seo tionchar tubaisteach a bheith acu ar chomhshaol an domhain agus shlándáil bia.

Athrú Domhanda Teochta (1850-anois)



Tá géarghá le gníomhaíocht práinneach i ngach tír agus eanáil lena n-áirítear talmhaíocht chun astaíochtaí a laghdú, ceapadh/ baint carbóin agus ullmhú chuig oiriúnú don aeráid atá ag athrú. Beidh ar an domhain aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna bia agus cothabháil, fuinnimh agus bithéagsúlachta, agus ní mór dár mbearta dul i ngleic leis na dúshláin seo ar bhealach comhordaithe. Mar sin, ní mór do thalmhaíocht táirgeadh bia a chothabháil/a ardú, astaíochtaí a laghdú, ceapadh carbóin a ardú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus cuir le slándáil fuinnimh, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus sóisialta á gcinntiú ag an am céanna.

Díríonn an Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide ar aeráid, ach cuirfidh na bearta le inbhuanaitheacht ar leibhéal i bhfad níos leithne.

Leag Rialtas na hÉireann sprioc amach laghdú 25% in astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (5.75 Mt CO₂eq) don eanáil talmhaíochta. Mar chuid dá Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide, tá treochlár leagtha amach ag Teagasc maidir le cén bealach ar féidir é seo a bhaint amach gan tionchar a bheith aige ar iomaíocht an eanáil agraibhia.

Chun é seo a bhaint amach, tá Teagasc ag ardú a acmhainní go suntasach atá tiomanta do thaighde agus aistriú faisnéise a bhaineann le haeráid.

Is iad seo a leanas na trí cholún den Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide:

- Clár Comhairleach Cuailí Eolais Teagasc
- Ardán Digiteach Inbhuanaitheachta
- Lárionad Náisiúnta Fíorúil le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia



3 Phríomh-cholún an Ghníomhaithe ar son na hAeráide

Clár
Comhairleach
Cuailí Eolais

Ardán Digiteach
Inbhuanaithe-
achta

An Lárionad
um Thaighde &
Nuálaíochta

Clár Comhairleach Cuailí Eolais



Tá sé mar aidhm ag Teagasc Clár Comhairleach Cuailí Eolais, an seirbhís nua, a chur ar fáil do gach feirmeoir, chun cur ar a gcumas a n-astaíochtaí reatha agus ceapadh carbóin a bheith ar eolas acu, chun plean feabhsaithe a dhéanamh, cuidiú leo leis an plean a chur i bhfeidhm agus dul chun cinn a rianú.

Cuirfidh 30 comhairleoir tús leis an gclár seo in 2023 agus tá sé i gceist é seo a mhéadú go suntasach sna blianta romhainn, mar aon lenár bhfoireann intí a fhorliona le hacmhainní seachfhoinsithe.

Ardán Digiteach Inbhuanaithe

Is acmhainn shuntasach é an tArdán Digiteach Inbhuanaitheachta chun cur ar chumas feirmeoirí astaíochtaí agus ceapadh carbóin a 'chomhaireamh' ar an bhfeirm, agus ligeann cumas tacaíochta cinnidh d'fheirmeoirí pleananna inbhuanaitheachta saincheaptha a fhorbairt agus dul chun cinn a rianú.

Tá an t-ardán seo á bhunú i gcomhar leis an ICBF agus Bord Bia, agus beidh sé lárnach don Clár Comhairleach Cuailí Eolais.



Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia

Déanfaidh Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia luasghéarú ar fhorbairt teicneolaíochtaí trí cláir thaighde agus thionscadail chomhordú agus a luasghéarú thar Teagasc, i gcomhar le hinstitiúidí eile freisin, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon. Cuirfear fiche a ceathair foireann eolaíoch nua leis an ionad sa chéim earcaíochta reatha, agus tá foireann bhreise, saoráidí agus trealamh beartaithe.



Ball Nua Foirne Eolaíochta

Beidh na hathruithe a cuirfear i bhfeidhm ar fheirmeacha thar an chéad x eile ina dtrasfhoirmiú ollmhóra de chóras táirgeadh agraibhia na hÉireann. Tá Teagasc tiomanta dá ról a ghlacadh taobh le feirmeoirí, tionscail agus rialtas.

An príomhaidhm atá ag Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Teagasc ná teaghlaigh feirme a chumasú chun teicneolaíochtaí agus córais táirgeadh nua a ghlacadh a chuirfidh ar a gcumas astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 25% faoi 2030 agus brabúsacht feirme a chothabháil ag an am céanna.





3 Phríomh-cholún um Ghníomhú ar son na hAeráide

Clár Comhairleach Cuailí Eolais



Ar Fáil d'Fheirmeoirí Uile



Tacaíocht fheabhsaithe um chomhairle & oiliúint



"Eolach ar m'Uimhir - Déan mo Phlean" arna thacú ag an Ardán Digiteach Inbhuanaitheachta



Teagmháil a dhéanamh le 50,000 feirmeoir faoi 2030

Ardán Digiteach Inbhuanaitheachta



Ardán ar líne Sábháilte Nua



Measúnú inbhuanaitheachta Feirme Iomláine a éascú



Tuigeann an Feirmeoir & an Comhairleoir próifíl na n-astaíochtaí

Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia



Lárionad Fíorúil Nua



Cláir um Thaighde ar an Aeráid agus Cláir Nuálaíochta a luathú agus a chomhordú



Ceannasaíocht a sholáthar, ar bhonn náisiúnta & idirnáisiúnta



Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Teagasc

Tacú le feirmeoirí agus an tionscal freagairt do na dúshláin, tá Teagasc ag ardú a acmhainní go suntasach, i dtéarmaí maoiniú agus foireann, atá tiomanta do thaighde agus aistriú faisnéise a bhaineann le haeráid. Tá an straitéis bunaithe ar thrí phríomhchóil:

1. Clár Comhairleach Cuailí Eolais


Tá Clár Comhairleach dírithe á bunú ag Teagasc, chun tacú le bearta aeráide agus inbhuanaitheacht ar fheirmeacha. Beidh an clár earra poiblí seo ar fáil do gach feirmeoir. Tá sé bunaithe ar líonra Feirmeacha Taispeána Cuailí trí comhairle feabhsaithe agus tacaíocht oiliúna a sholáthar d'fheirmeoirí le gealltanais a thabhairt do, trí roghnú agus cur i bhfeidhm bearta aeráide agus inbhuanaitheacht a bheidh oiriúnach agus a mbeidh tionchar acu ar a bhfeirmeacha. Beidh deis ag feirmeoirí rannpháirtíochta gealltanais a dhéanamh maidir le gníomhaíocht a dhéanamh ar son a bhfeirmeacha.

Cuirfidh príomhchuid an chlár "Know My Number – Make My Plan" arna dtacaíocht ag an Ardán Digiteach Inbhuanaitheachta, ar chumas na bhfeirmeoirí féachaint ar agus tuscint a fháil ar a gcuid astachtaí carbóin agus próifíl ceaptha carbóin mar bhonnlíne le gníomhú. Cuirfidh foireann 30 comhairleoirí tús leis an gclár in 2023.

Le tacaíocht comhairleach, déanfaidh feirmeoirí plean feabhsaithe trí hathruithe dearfacha agus teicneolaíochtaí a ghlacadh, agus cuideoidh comhairleoir leo le cur i bhfeidhm an phlean agus dul chun cinn a rianú.

Cruthóidh sé seo muinín agus cuirfidh sé le cumas do thacú le glacadh le teicneolaíochtaí nua de réir mar a thagann siad chun cinn. Is é uailmhian an chlár teagmháil a dhéanamh le 50,000 feirmeoir idir seo agus 2030.

Garspriocanna don Chlár Comhairleach Cuailí Eolais Theagaisc




2. Ardán Digiteach Inbhuanaithe

Le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), i gcomhar leis an Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) agus Bord Bia, tá Teagasc ag tógáil ardáin digiteach nua chun measúnú inbhuanaitheachta uilefeirme láidir a éascú agus “comhaireamh” astaíochtaí agus baint carbóin.

Tacóidh an t-ardán seo an Clár Comhairleach Cuailí Eolais nua agus cuirfidh sé ar chumas gach feirmeora, agus a gcomhairleora tuiscint a fháil ar a astaíochtaí reatha agus próifílí bainteacha. Cuideoidh an anailís sonraí fíor-am le i bpleanáil, deiseanna a fhiosrú agus tús áite a thabhairt do ghníomhartha chun astaíochtaí a laghdú agus bainteacha a fheabhsú.

Garspriocanna don Ardán Digiteach Inbhuanaitheachta go 2030




3. Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia

Tá Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia fíorúil nua á bhunú ag Teagasc chun cláir taighde aeráide agus nuálaíochta a chomhordú agus dlús a chur le hiarrachtaí chun teicneolaíochtaí atá “beagnach réidh” agus ag an “luathchéim” a thabhairt go dtí an chéim úsáide. Cuideoidh sé seo le hearnáil talmhaíochta na hÉireann a gealltanais a bhaint amach i laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Rachaidh fiche a ceathair foireann eolaíoch nua isteach san ionad fíorúil.

Cuirfidh an tIonad Náisiúnta le infheistíocht taighde agus caipitil daonna atá ann cheana, ag obair i gcomhar le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun comhpháirtíocht éifeachtach, a bhfuil muinín ann a chruthú. Déanfaidh sé réitigh eolaíoch agus teicneolaíoch neamhspleácha, láidre a sholáthar chun an earnáil agraibhia a threorú d’aeráidneodracht faoi 2050.

Ina theannta sin, beidh sé mar aidhm a bheith mar ionas aeráide eolaíoch agraibhia den chéad scoth a neartóidh cáil na hÉireann mar cheannaire domhanda sa réimse seo. Mar aon leis sin, rachaidh sé i ngleic le cuspóirí níos leithne Éireann chun caighdeán uisce a fheabhsú, amóinia a laghdú agus bithéagsúlacht a fheabhsú.

Garspriocanna don Lárionad Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht Aeráide Agraibhia go 2030



Na Bearta Práinneacha

Forálann an dúshlán aeráide go ndéanfar freagair comhordaithe uile-earnáil chun an tionscal a chur chun cinn. Trína cuar MACC, leag Teagasc amach cén dóigh a ndéanfar an córas talmhaíochta agus bia a fhabhrú go gearrtréimhseach agus go meántréimhseach chun oibleagáidí aeráide a bhaint amach.

Chun tacú le riachtanas gníomhú luath agus cinntitheach, Tá sé beartaithe ag Teagasc a thaighde, a ghníomhaíocht comhairleach agus oideachais a luasghéarú sna réimsí seo a leanas:



Nítrigin - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Úsáid níos mó a bhaint as seamair dhearg agus seamair bhán i gcórais innilte, sláinte/ torthúlacht ithir feabhsaithe, garbhphróitéin i gcothú buaibheach agus muice a laghdú, teicneolaíochtaí innilte beachtais agus teicneolaíochtaí leasacháin a fhorbairt.



Meatán - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Giniúint fachtóirí astaíochtaí meatáin eintreacha do chórais fhéarbhunaithe Éireannacha, measúnú ar breiseáin bheatha agus coscairí beatha, marú níos luaithe d'eallach mairteoil den scoth, ainmhithe níos lú astaíochtaí eintreacha a phóru, astaíochtaí meatáin a laghdú ó sciodar.



Carbón - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Giniúint fachtóirí astaíochta ar leith a bhaineann le hÉire a bhaineann le cineál ithreach, úsáid agus bainistíocht talún, foraoisiú méadaithe agus tionchar foraoisiú ar fhloscanna ithreach carbóin, athbhreithniú a dhéanamh ar tionchar fál sceach agus bainistíocht fál sceach ar fhloscanna ithreach carbóin, úsáid barr cumhdaigh a ardú sa churaíocht, athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht tábla uisce/athfhliuchú ithreach ar astaíochtaí ithreach carbóin.



Bithéagsúlacht - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Bithéagsúlacht ar chórais feirmeoireachta a chur chun cinn; lena n-áirítear measúnú ar bithéagsúlacht sa tSuirbhé Náisiúnta ar Fheirmeoireacht; forbairt a dhéanamh ar tháscairí scála feirme bithéagsúlachta éifeachtacha atá á dtacú trí húsáid teicneolaíochta digiteacha; pleananna bainistíochta bithéagsúlachta d'Fheirmeoireacht le Meas ar an Dúlra agus córais foraoiseachta a fheabhsú.



Éagsúlú - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Gníomhaíocht méadaithe i bhfeirmeoireacht orgánach, gairneoireacht agus foraoiseacht mar aon le díleá anaeróbach do tháirgeadh bithmheatáin.



Oiriúnú - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Táirgeadh agus bainistíocht féareacha agus foráistí seasmhacha do chórais táirgthe féarbhunaithe amach romhainn, barra agus córais bearrtha nua, srianadh lotnaidí agus fiailí.



Córas Bia Ciorclach is iad seo a leanas bearta láithreacha:

dramhaíl bia a laghdú, pacáistíocht éiceabhách agus foinsí próitéin malartacha.



Beartas - is iad seo a leanas bearta láithreacha:

Nuashonrú minic an MACC, i gcomhar leis an EPA lena soláthraítear fachtóirí astaíochtaí a bhaineann le hÉire bunaithe ar eolaíocht san fhardail náisiúnta, agus ag cur le comhairle beartas bunaithe ar eolaíocht maidir le hathrú aeráide, talmhaíocht agus úsáid talún ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Laghdú

51%

ar astaíochtaí GCT

faoi 2030



An Dúshlán Aeráide

Tá tiomantas leagtha amach ag Éire maidir le laghdú iomlán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 51% faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

Freastalaíonn sé seo ar thiomantas Éireann do chomhaontú Pháras teocht airde a choinneáil ag 1.5°C agus tá sé i gcomhréir le beartas AE, agus tugtar tacaíocht dó sa reachtaí leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, (arna leasú) 2021. Tá spriocanna astaíochta earnála a leag an Rialtas amach in 2022 sonraithe thíos i dtábla 1.

An sprioc “Talmhaíochta” ná laghdú 25% (5.75 Mt CO₂eq). Tá leagadh amach sprioc náisiúnta maidir le “húsáid talmhaíochta” curtha siar chun ligean do faisnéis eolaíochta teacht chun cinn, ach táthar ag súil go mbeidh sé taobh istigh den réimse 37%-58% a leagadh amach sa Phlean Ghníomhú Aeráide, 2021.

Tábla 1 Spriocanna foriomlána agus ruthag do laghdú astaíochtaí earnála (Síleálacha Astaíochtaí Earnála 2022 agus NCAP 2021)

Earnáil	2018	2020
Éire- earnálacha uile	68 Mt CO ₂ eq	33 Mt CO ₂ eq (laghdú 51%)
Talmhaíocht	23 Mt (35% de mhéad iomlán) CO ₂ eq	17.25 Mt CO ₂ eq (laghdú 25%)
Úsáid Talún	4.8 Mt (7% de mhéad iomlán) CO ₂ eq	2-3 Mt CO ₂ eq (laghdú 37%-58%)

Éileoidh soláthar laghdú in astaíochtaí GCT atá riachtanach chun na spriocanna nua a bhaint amach trasfhoirmiú suntasach de chóras táirgeadh agraibhia na hÉireann. Beidh sé ríthábhachtach a chinntiú go mbeidh feirmeoirí Éireannacha agus atáirgigí bia inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair le linn an tréimhse trasfhoirmithe agus ina diaidh.

Agus tacaíocht á tabhairt d'fheirmeoirí le linn an trasfhoirmithe seo de chóras táirgeadh agraibhia, éilítear taighde shuntasach bhreise, acmhainní comhairleacha agus oideachais agus iarracht ollmhór tionscail thar Chóras na hÉireann um Eolaíocht agus Nuálaíocht Talmhaíochta (CENT).



Tá úsáid á baint as 20 meaisín GreenFeed chun astaíochtaí meatáin ó bheostoc a thomhas. Tá sé de chumas orthu astaíochtaí hidrigine agus CO₂ a thomhas freisin.

An Treochlár do Thalmhaíocht

Tá deiseanna leagtha amach ag Teagasc chun astaíochtaí GCT a laghdú i dtrí chéim (Fíor 1). I gCéim I, tá sé de chumas ag cur i bhfeidhm tosaigh na mbeartas teicniúla Cuar Imeallchostais Lacaithe do Thalmhaíocht (MACC), 2019 an earnáil a thabhairt thart ar aon trian den bhealach chun sprioc 2030 a bhaint amach, tá teicneolaíochta beagnach réidh (Céim II) agus teicneolaíochtaí luathchéim (Céim III) riachtanach don dá thrían eile.

Cé go léirítear an chonair romhainn mar líneach, is dóchúil nach mbeidh sé sin i gceist go réalaíoch, toisc, mar shampla nach mbeidh bearta uile Céim I i bhfeidhm ar an bhfeirm ag céim luath, agus d'fhéadfadh cuid de bheartais Céim II agus Céim III teacht chun cinn níos tapúla nó níos moill ná mar a cheaptar faoi láthair.

Tabharfaidh an MACC GCT nuashonraithe de chuid Teagasc a fhoilseofar in 2023 measúnú níos cruinne maidir le scála agus amlíne roghanna maolaithe ar fáil do thalmhaíocht na hÉireann. Déanfaidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 soiléireacht a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí beartais a thabharfaidh tacaíocht do dícharbónú talmhaíocht na hÉireann, agus beidh sé bunaithe ar tuarascálacha ghrúpaí Food Vision Dairy agus Food Vision Beef and Sheep.

Ina theannta sin, tá an eolaíocht maidir le na slite a chuireann meatán leis an téimh domhanda i gcónaí ag teacht chun cinn. Mar shampla, bheadh athrú na méadrachta dá ionchur a mheas ó GWP100 go GWP* an-suntasach i measúnú tionchar meatáin. Ciallaíonn GWP100 astaíochtaí meatáin go cothrom thar thréimhse ionchasach 100 bliain, agus ciallaíonn GWP* eiseadh meatáin mar ghás gearrthréimsheach is cúis le téimh domhanda ar feadh thréimhse thart ar 12 bhliain. Ciallaíonn sé seo go léireofar éifeacht téimh i bhfad níos lú ag teacht ó bheostoc agus úsáid á bhaint as GWP* i dtréad a bhfuil astaíochtaí meatáin seasmhacha ann. Cé go bpléitear coincheap GWP* in AR6 de chuid IPCC, ní úsáidtear é sa chóras cuntasóireachta idirnáisiúnta d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Fíor 1: Treochlár do Thalmhaíocht go 2030, MACC Teagasc 2019



An Treochlár d'Úsáid Talún



“ Beidh ról ríthábhachtach ag an bhforaoiseacht in aistear go haeráidneodracht. ”

Tá na dúshláin agus deiseanna atá os comhair Talmhaíocht agus Úsáid talún fite fuaite. Is dóchúil go ndéanfar beartas amach anseo a struchtúrú chun uasmhéadú a dhéanamh ar an meascán de ghníomhaíochtaí talún agus talmhaíochta chun táirgeadh agraibhia agus úsáid talún a bhogadh go haeráidneodracht.

Tá an-chuid neamhchinnteachta maidir le ceapadh carbóin ag talamh talmhaíochta agus go háirithe astaíochtaí ó féarthailte móna draenáilte, mar aon le leibhéil foraoisithe amach anseo. Bunaíodh an Réadlann um Talmhaíocht Náisiúnta Carbóin Ithreach chun an neamhchinnteacht seo a laghdú. Anuas air sin, níl éifeachtúlacht dréineacha i bhféarthailte móna soiléir, ach ag an bpointe seo is dóchúil go mbeidh roinnt athrú úsáid talún riachtanach (mar shampla bainistíocht tábla uisce/ athfhliuchadh ithreacha móna draenáilte agus táirgeadh bithmhais agus coillearnach agus talamh talmhaíochta á úsáid). Beidh ról ríthábhachtach ag an bhforaoiseacht in aistear go haeráidneodracht. Tá fógra maidir le Clár Foraoiseachta nua ina mbeidh deontais méadaithe suntasacha beartaithe tábhachtach.

Beidh obair shuntasach riachtanach chun straitéisí úsáid talún optamach amach anseo a thuiscint agus a phleanáil.



Tá sé in am gníomhú

Tá tionscal ag bogadh anois ó chéim leagadh amach spriocanna agus forbairt pleananna trí na grúpaí Food Vision Dairy and Beef and Sheep Groups go cur chun feidhme. Tá an dúshlán roimh Teagasc soiléir. Beidh teicneolaíochtaí nua riachtanach chun an sprioc laghdaithe de 25% a bhaint amach, mar sin ní mór luasghéarú a dhéanamh ar thaighde maidir le teicneolaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu.

THE TIME IS NOW

Caithfear tacaíocht comhairleach agus oideachais bhreise, dhíreach a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun ardú a dhéanamh ar inghlacthacht na dteicneolaíochtaí nua atá ar fáil faoi láthair agus cruthaithe, agus na teicneolaíochtaí a dtiocfaidh chun cinn ó thaighde leanúnach. Éilíonn seo tacaíocht ó uirlisí tacaíochta cinnteoireachta faisnéiseacha agus tacar sonraí iontaofa.

Is é Teagasc príomhghníomhaí sa réimse seo, agus leagtar amach sa straitéis seo an tslí go ndéanfaidh uasmhéadú ar a ionchur ó chlár thaighde, chomhairleacha agus oideachas chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach. Ní mó bearta a sholáthar ar bhealach dlúthchomhordaithe le tionscal agus rialtas. Beidh luathghníomhú tábhachtach i soláthar na spriocanna náisiúnta agus sinn ag bogadh i dtreo 2030.



An Deis

Forálann an fhís do Córas Bia Inbhuanaithe in Éirinn, mar a leagtar amach in Fís do Bhia 2030, creat d'fhorbairt na hearnála thar an chéad deich mbliana eile agus é mar aidhm aige inbhuanaitheacht i dtaobh geilleagair, inbhuanaitheacht sóisialta agus comhshaoil a chomhardú faoi chur chuige iomlánaíoch Córais Bia.

Taobh istigh de gheilleagar tuaithe, beidh talmhaíocht agus táirgeadh bia ina pointe seasta do'fhiontar bunaithe faoin tuaithe, bia ar ardchaighdeán á tháirgeadh lena n-áirítear bia órgánach a bhfuil tionchar íseal aige ar an gcomhshaoil.

Tiocfaidh úsáidí talamh talmhaíochta malartacha chun cinn freisin, mar aon le margaí chun carbón a bhainistiú agus a stóráil. Tacóidh buntáiste iomaíoch Éireann maidir le táirgeadh bia go leanúnach le táirgeadh inbhuanaithe feoil agus táirgí déiríochta, ach soláthróidh sé stoc bheatha freisin le haghaidh táirgeadh bithfhuinnimh agus táirgí bia agus neamh-bhia eile ó chiorclán bithghéilleagar na hÉireann.



Tá Feirmeoirí agus Tionscal ag Gníomhú


Tá feirmeoirí agus páirtithe leasmhara tionscail tiomanta don dúshlán seo a leanas a bhaint amach; feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil talmhaíocht na hÉireann agus laghdú astaíochtaí GCT talmhaíochta agus úsáid talún, agus tá Teagasc á dtreorú agus ag tacú leo i bhforbairt córais feirmeoireachta agus táirgeadh bia atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil.

Cé go bhfuil astaíochtaí GCT foriomláine 2021 comhchosúil le 2018, i dTuarascáil Suirbhé Náisiúnta Feirmeoireachta maidir le hInbhuanaitheacht de chuid Teagasc, tá comharthaí dearfacha go n-ardófar inghlacthacht na dteicneolaíochtaí a laghdóidh astaíochtaí.

Léiríonn an tuarascáil go bhfuil feirmeoirí ag ardú a n-úsáid:



Tá rátaí inghlacthachta na dteicneolaíochtaí seo níos airde ar fheirmeacha Taispeána Cuailí.



Léiríonn na torthaí seo cumas do athrú cleachtais agus tionscnaimh ó fheirmeoirí na hÉireann a bheidh lárnach d'fhorbairt Córas Bia Inbhuanaithe Éireannach.

An Dea-obair a choinneáil suas

Clár Feirmeacha Taispeána Cuailí

Tá líonra náisiúnta feirmeacha taispeána i gceist leis an gClár Feirmeacha Taispeána Cuailí agus cuireann sé feirmeacha ábhartha, an saol dáiríre ar fáil d'fheirmeoirí, feirmeacha a bhfuil ag éirí leo astaíochtaí GCT a laghdú go hinbhuanaitheach.



120 Feirmeoirí

Feirmeoirí Taispeána Cuailí a bhfuil dea-chleachtas á léiriú acu

Aithníodh feirmeoirí taispeána do na príomhfhiontair feirmeoireachta ar fad, lena n-áirítear déiríocht, mairteol diúil, lao déiríochta go mairteol, caora, curaíocht, muca agus éineoil.

Tá dhá ról chriticiúla ag na feirmeoirí taispeána:

- Beidh siad i measc na chéad daoine chun glacadh le maolú aeráide agus teicneolaíochtaí oiriúnaithe, a ndéanann a gComhairleoirí Teagasc tacaíocht orthu.
- Beidh siad lárnach le haghaidh foghlaim feirmeoir go feirmeoir, agus iad ag roinnt a n-eispéiris le feirmeoirí eile trí siúiloidí feirme, imeachtaí, ailt, fiseáin meáin etc.

Ina theannta sin, is féidir a rathúlacht i laghdú astaíochtaí GCT muinín ón bpobal níos leithne a mhéadú maidir leis an gconair i dtreo na spriocanna 2030 atá an earnáil i mbun.



Faoi láthair tá tacaíocht á tabhairt ag breis is seasca eagraíochtaí comhpháirtí agus tacúla don Chlár Cuailí Eolais, agus cuireann sé pointe seasta náisiúnta ar fáil maidir le líonrú agus oiliúint do na mórán gníomhairí ar fud Córas na hÉireann um Eolaíocht agus Nuálaíocht Talmhaíochta (CENT)

62 Comhpháirtithe

lena n-áirítear feirmeoirí, tionscal, comhlachtaí stáit, eagraíochtaí feirme & na meáin


D'fhéadfadh an Clár Cuailí Eolais feidhmú mar dhroichead idir ár gcruthaitheoirí faisnéise (taighdeoirí) agus ár úsáideoirí faisnéise (comhairleoirí, oidí, agus feirmeoirí). D'fhéadfadh teagmháil lenár bhFeirmeoirí Cuailí deiseanna a chur ar fáil don Fhoireann Cuailí chun taighde a aistriú go cleachtas agus an bhearna a líonadh idir taighde agus cur i bhfeidhm.

Baintear úsáid as Rumen Simulation System (RUSITEC) i saotharlann measúnú a dhéanamh ar chumas meatán a laghdú i mbreiseáin bheatha amhail olaí, eastósc planda, feamnacha, eastósc feamainne agus hailídí.



Beidh príomhfhócas ar soláthar faisnéis agus comhairle leanúnach d'fheirmeoirí a chinntiú. Tá sé seo ríthábhachtach i leith cinntiú inghlacthacht teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid amhail leasacháin agus breiseáin bheatha nua.

Aithníodh feirmeoirí taispeána do na príomhfhiontair feirmeoireachta ar fad, lena n-áirítear déiríocht, mairteol diúil, lao déiríochta go mairteol, caora, curaíocht, muca agus éineoil.





Is comhpháirtíocht comhoibríoch le feirmeoirí, tionscal agus stát é an an Clár Cuailí Eolais gníomhaireachtaí, ag obair i gcomhpháirt do ghníomhú ar son na haeráide.

Comhpháirtithe



Rialtas, Gníomhaireachtaí Stáir agus Urraitheoirí



Tacadóirí





Beidh comhoibriú láidir le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil agraibhia ríthábhachtach do rathúlacht Straitéis Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Teagaisc.

Comhoibriú

Bíonn Teagasc ag obair i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara go náisiúnta, lena n-áirítear feirmeoirí, próiseálaithe bainne agus feoil, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, instidiúidí ardoideachais, sainchomhairleoírí talmhaíochta (ACA) agus ionaid mhaonaithe ábharta Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus Fiontraíocht Éireann (EI) amhail VistaMilk, Meat Technology Ireland, BiOrbic and APC Microbiome Ireland.

Go hidirnáisiúnta, cuirfidh Teagasc leis an gcomhoibriú láidir atá ann cheana mar chuid de thionscadail Fís 2020/Horizon Europe le heagraíochtaí amhail INRAE (FR), WUR (NL), Aarhus University (DK), ILVO (BE), IDELE (FR), LUKE (FI) and AFBI (NI).

Roineann na heagraíochtaí seo ar fad tiomantas Teagaisc maidir le dul i ngleic leis an dúshlán athrú aeráide reatha. Tá stair fada ag Teagasc a bheith ag obair i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus leanann sé lena iarrachtaí obair i gcomhar le hinstidiúid eile i dtíortha a fhorbairt maidir le gníomhú ar son na haeráide agus slandáil bhia chun tacú le hobair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha.



Cuireann fála sceach le bithéagsúlacht i gcórais feirmeoireachta uile. Tá táscairí bithéagsúlachta scála feirme á bhforbairt.





Téigh i dteagmháil linn

Ceannoifig, Teagasc,
Oak Park, Ceatharlach
Fón: 059-9170200
info@teagasc.ie

www.teagasc.ie/climateaction

